An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

# Fíoracha Plánacha

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de cheardlann FGL Ghrafaice 2018 / 2019 a tharla le linn na scoilbhliana 2018 / 2019. Is féidir breathnú ar na hábhair uile a úsáideadh sa cheardlann sin i rannán na dTeicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann FGL.

Nasc Cheardlann FGL:
http://jct.ie/leagangaeilge/technologies/cpd_supports_graphics_cpd_workshops_2018_2019_ga

Ba é fócas na ceardlainne seo múinteoirí a chur ar an eolas faoin tsonraíocht Ghrafaice a foilsíodh i mí na Nollag 2018. Mar chuid den FGL seo taispeánadh do mhúinteoirí struchtúr na sonraíochta agus na torthaí foghlama a roinneann le sonraíocht na Grafaice. Baineadh úsáid as an ngníomhaíocht seo sa cheardlann chun béim a chur ar thábhacht na mbriathra gnímh i dtaca le foghlaim agus measúnú a threorú agus is féidir teacht uirthi ar shleamhnáin 30 & 31 den Chumhacht-Phointe FGL Ghrafaice 2018 /2019.

Aithníodh na Torthaí Foghlama agus an Phríomhfhoghlaim seo a leanas mar chuid den ghníomhaíocht seo sa cheardlann.

Torthaí Foghlama 3.1 – saintréithe 2T agus 3T in earraí agus déantáin choitianta **a aithint.**
Príomhfhoghlaim – Fíoracha plánacha a aithint agus a aibhsiú i ngnáthrudaí an tsaoil.

Torthaí Foghlama 1.10 – **saintréithe cruthanna geoiméadracha a thuiscint.**
Príomhfhoghlaim – Airíonna cruthanna geoiméadracha a shainaithint agus a leagan amach.

**Tabhair do d'aire:** Ní aonad foghlama é seo ach gníomhaíocht shamplach a bheadh ina cuid d'aonad foghlama níos leithne. Baineadh úsáid as sa cheardlann chun blaiseadh a thabhairt ar thorthaí foghlama agus ar bhriathra gnímh agus chun a thaispeáint cén chuma a bheadh orthu i seomra ranga Grafaice.

## Cad é atá le fail sa PDF seo?

1. Fíoracha Plánacha i nGnáthrudaí an tSaoil

Is leathanach A3 é seo a iniúchann fíoracha plánacha trína n-ionannú le gnáthrudaí an tsaoil. Dearadh an cheardlann seo go sonrach don cheardlann FGL 2018 / 2019 agus moltar an acmhainn seo a chur in oiriúint chun freastal ar do rang-ghrúpa ar leith féin agus ar a gcomhthéacs.

Nasc chuig an acmhainn:

**Tabhair do d'aire:** Moltar go mbreathnófá ar na hábhair cheardlainne FGL agus an acmhainn seo in úsáid agat chun comhthéacs a thabhairt don acmhainn agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar struchtúr na sonraíochta

CC BY NC

# **Fíoracha plánacha** sa domhan thart orainn:

Is cruthanna cothroma déthoiseacha iad na fíoracha plánacha a bhíonn comhdhéanta de línte díreacha, cuair agus meascán den dá rud. Nuair a amharcaimid ar ghnáthrudaí, aithnímid fíoracha plánacha amhail ciorcail, triantáin agus cearnóga ag brath ar an líon taobhanna a bhíonn ag cruth. Déan na gníomhaíochtaí ar dheis































Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL JCt4

## Cruthanna a shainaithint

**Sainaithin** cá mhéad íomhá a bhfuil na cruthanna seo a leanas iontu.

Liostaigh airíonna geoiméadracha an chrutha sin.

**Ciorcal:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Triantán:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Cearnóg:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Dronuilleog:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Peinteagán:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Heicseagán:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

**Ochtagán:** ____
Airíonna:
________________________________
________________________________

Ag úsáid rianpháipéir sceitseáil imlíne gach crutha sa liosta thuas ag úsáid na n-íomhánna tugtha



Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2018 – 2019 agus is laistigh de chomhthéacs an phlé a tharla le linn na ceardlainne sin a luíonn sí.